European Banking Authority

# CLÁR OIBRE 2025

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

MEÁN FÓMHAIR 2024

EBA/REP/2024/20

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Le clár oibre an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE), déantar an chaoi a bhfuil sé beartaithe ag an údarás a mhisean agus a shainorduithe a chomhlíonadh don bhliain amach romhainn a shainiú agus a leagan amach. Eascraíonn cúraimí ÚBE as reachtaíocht AE agus as a rialachán bunaidh agus cuireann siad le tosaíochtaí agus straitéisí níos leithne an Aontais don earnáil airgeadais. Rinneadh an ceann deireanach sin a thrasuí i gcúig thosaíocht uileghabhálacha a ghlac ÚBE go ceann tréimhse trí bliana lena gcumhdaítear Leabhar Rialacha Aonair an AE, cobhsaíocht airgeadais, sonraí, maoirseacht ar an nGníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA) agus maoirseacht ar an Rialachán maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní (MiCAR), chomh maith le hiompar agus Frithsciúradh Airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT).

D’fhormheas Bord Maoirseoirí ÚBE an chéad dréachtchlár oibre do 2025 i mí Eanáir 2024 mar chuid de dhoiciméad clársceidealaithe aonair (SPD) an údaráis do na blianta 2025 go 2027. Rinneadh é a chomhlánú agus a choigeartú ó shin i bhfianaise na bhforbairtí a tugadh faoi deara le linn na bliana go dtí seo, agus Tuairim an Choimisiúin Eorpaigh maidir le SPD á cur san áireamh. Cuirtear san áireamh ann freisin an treoir a fuarthas ó Choiste Comhairleach an údaráis um Chomhréireacht (ACP) i mí Mheithimh 2024.

Go sonrach, tabharfaidh ÚBE aghaidh in 2025 ar líon mór sainorduithe lena gcumhdófar gnéithe éagsúla a bhaineann leis an earnáil airgeadais. Beidh cur chun feidhme phacáiste baincéireachta an AE (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR III) / an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil (CRD VI)) ina chuid thábhachtach d’obair an údaráis agus cuirfidh sé tuilleadh feabhais ar Leabhar Rialacha Aonair an AE. Cuidíonn na hanailísí, na príomh-mhéadrachtaí riosca agus na príomhuirlisí a dhéanann ÚBE ar bhonn rialta, chomh maith lena mionchoigeartú leanúnach, lena n-áirítear go háirithe a mhodheolaíocht tástála struis, le cobhsaíocht airgeadais rioscabhunaithe agus réamhbhreathnaitheach a áirithiú do gheilleagar inbhuanaithe. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na rioscaí d’earnáil airgeadais na hEorpa a eascraíonn as forbairtí eacnamaíocha, geopholaitiúla agus struchtúracha eile. Tá dúshláin bhreise ag baint le dea-aistriú chuig earnáil airgeadais inbhuanaithe agus nuálach a éascú.

In 2025 freisin, cuirfidh ÚBE tús le róil agus freagrachtaí nua a ghlacadh chuige féin. Ar an gcéad dul síos, le tús a chur le formhaoirseacht ar sholáthraithe seirbhísí TF tríú páirtí criticiúla faoi chuimsiú DORA, arna cheapadh i gcomhpháirt leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) agus leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), agus, ar an dara dul síos, le maoirseacht ar sholáthraithe criptea-shócmhainní suntasacha faoi chuimsiú MiCAR. Thairis sin, in 2025 déanfar an t-aistriú chuig creat agus údarás nua AML-CFT an AE (AMLA).

D’ainneoin an mhéid thuas, d’fhéadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh coigeartuithe ag céim níos déanaí chun tosaíochtaí nua institiúidí an AE a léiriú tar éis na dtoghchán Eorpach i mí an Mheithimh 2024, nó tuilleadh forbairtí eacnamaíocha nó geopholaitiúla. Mar a tharla le blianta beaga anuas, ionchorpraítear i bpleanáil reatha an údaráis méid suntasach solúbthachta chun oiriúnú d’athruithe

nó d’fhorbairtí nua. Tá sé ar fáil go hiomlán chun cur le hathruithe nó le forbairtí den sórt sin nuair a dheimhneofar iad, amhail fócas athbhunaithe a d’fhéadfadh a bheith ann ar mhargaí caipitil nó ar aontas coigiltis, i ndlúthchomhordú agus i ndlúthchomhar le hinstitiúidí ábhartha eile an AE. Mar is gnách, beidh idirchaidreamh agus comhar leordhóthanach le páirtithe leasmhara AE agus neamh-AE ríthábhachtach.

Agus é ag oibriú gan ach acmhainní daonna agus airgeadais atá méadaithe beagán in 2025 (ag eascairt as DORA agus MiCAR, agus as an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Bonneagar Margaí Eorpacha (EMIR)), ní mór do ÚBE ord tosaíochta a leagan síos go cúramach agus a fhoireann agus a chistí a leithdháileadh go cúramach, agus leas a bhaint as an oiread sineirgí inmheánacha agus seachtracha agus is féidir. Baineann an phleanáil atá ann faoi láthair tairbhe as athruithe a tugadh isteach san eagraíocht le blianta beaga anuas chun solúbthacht a mhéadú, chun a cumas pleanála a neartú agus chun teicneolaíocht nua-aimseartha agus éifeachtúil a ghlacadh. Tacóidh sé sin go leordhóthanach, mar a tharla sna blianta roimhe seo, le haon ghá le pleananna tosaigh a choigeartú chun freagairt ar an mbealach is fearr d’imthosca agus d’iarrataí atá ag teacht chun cinn.

Pléitear sa doiciméad seo tosaíochtaí ÚBE i gCaibidil 1, le forléargas gairid ar na tosaíochtaí do 2025-2027 agus cur i láthair níos mionsonraithe ina dhiaidh sin ar thosaíochtaí do 2025. Leagtar amach i gCaibidil 2 ansin an obair faoi 19 ngníomhaíocht, agus iad grúpáilte ina dtrí chatagóir: (i) obair bheartais agus chóineasaithe, (ii) measúnú riosca agus sonraí agus (iii) rialachas, comhordú agus tacaíocht. Tá gach gníomhaíocht nasctha le ceann amháin ar a laghad de na tosaíochtaí uileghabhálacha. Ina theannta sin, leagtar amach maidir le gach gníomhaíocht na cuspóirí, tuairisc ghearr, chomh maith leis na príomh-aschuir atá le soláthar. Gabhann trí iarscríbhinn le clár oibre ÚBE: an chairt eagrúcháin, leithdháileadh na n-acmhainní in aghaidh na gníomhaíochta do 2025, agus an plean oibre piarmheasúnaithe do 2025-2026.

European Banking Authority

Tour Europlaza, 20 avenue André Prothin CS 30154
92927 Paris La Défense CEDEX, AN FHRAINC

Teil.  +33 1 86 52 70 00

Ríomhphost: info@eba.europa.eu

https://eba.europa.eu